Innealtóireacht Shibhialta Jons – John Cradock JV Ltd.
Oifig an tSuímh, Bóthar Shráid an Mhuilinn, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí

# N22BBM
# Fógra Poiblí

**Fógra go mbeidh Seachbhóthar Mhaigh Chromtha N22 á Dhúnadh:**

Tá Jons-John Cradock JV Ltd., ag obair thar ceann Chomhairle Contae Chorcaí, ag tógáil na Forbartha Bóthair ar an N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha, ar osclaíodh an chéad chuid de do thrácht ginearálta ar 09 Nollaig, 2022.

Ó shin i leith, tá dul chun cinn déanta ar an gcuid eile den scéim leis an gcéad stráice eile chomh fada le Tonn Láin/Baile Mhic Íre le bheith ullamh le hoscailt go luath i mí Lúnasa.

Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh Seachbhóthar nua Mhaigh Chromtha N22 á dhúnadh go sealadach ag an gconraitheoir ó 09:00 ar an Máirt 08 Lúnasa agus tá sé beartaithe é a oscailt arís ar an Aoine 11 Lúnasa. Tá gá leis an dúnadh seo chun an timpeallán sealadach atá i gCarraig an Phúca, laistiar de Bhaile Mhaigh Chromtha a thógaint as go sábháilte, agus chun faid a chur leis an Seachbhóthar chomh fada le Tonn Láin/Baile Mhic Íre.

Is é an bealach malartach do thrácht a bheidh ag taisteal siar le linn an dúnta seo ná trí Lár Bhaile Mhaigh Chromtha. Beidh an trácht a bheidh ag taisteal soir in ann dul ar Sheachbhóthar Mhaigh Chromtha ag Bóthar Shráid an Mhuilinn.

Nuair a athosclófar an N22 don trácht tar éis an dúnta seo, beidh úsáideoirí an bhóthair in ann taisteal siar ar an N22 nua chomh fada le Tonn. Lán/Baile Mhic Íre. Ar an gcaoi chéanna, beidh an trácht a bheidh ag taisteal soir in ann dul ar an N22 nua ag an Tonn Láin.

Iarrtar ar úsáideoirí bóthair tiomáint go cúramach ar bhóthar nua an N22 nuair a bheidh sé oscailte don trácht, go háirithe agus iad ag druidim leis an Tonn Láin ón taobh thiar, mar a mbeidh srianta luais, cúngú lánaí agus comharthaí rialaithe tráchta i bhfeidhm chun an sreabhadh tráchta a rialú go sábháilte. Bheadh an conraitheoir ana-bhuíoch as do rannpháirtíocht sna bearta sealadacha seo maidir le rialú tráchta.

Ba mhaith leis an gconraitheoir aitheantas a thabhairt don chomhoibriú agus don chúnamh a fuarthas uathu siúd a úsáideann na bóithre le linn chéim thógála an tionscadail seo agus tá sé ag tnúth leis an tionscadal a thabhairt chun críche níos déanaí i mbliana.

Jons Civil Engineering-John Cradock JV Ltd.
Bóthar Shráid an Mhuilinn
Maigh Chromtha
Dáta: 27 Iúil, 2023